# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN, 18 MEITHEAMH, 2007 – TRÁTHNÓNA, 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m.

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a freagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

THALL→

ROINN 1 (120 marc)
Freagair CEIST 1 nó DHÁ cheist ar bith eile

**1. Cuntais Chríochnaitheacha Chuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Shiurdáin Tta ar 31/12/2006.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe – 600,000 Gnáthscair @ €1 an ceann. | | |
| Eisithe – 400,000 Gnáthscair @ €1 an ceann. | | 400,000 |
| Foirgnimh | 540,000 | |
| Trealamh oifige | 55,000 | |
| Paitinní | 84,000 | |
| Dímheas carntha – Trealamh Oifige | | 6,000 |
| Dímheas Carntha – Foirgnimh | | 84,000 |
| Bintiúir 8% eisithe ar 31/3/06 | | 100,000 |
| Díolacháin | | 590,000 |
| Ceannacháin | 310,000 | |
| Carraeireacht isteach | 2,800 | |
| Pá agus Tuarastail | 113,300 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 20,400 | 31,800 |
| Stáiseanóireacht | 3,800 | |
| Stoic 1/1/06 | | |
| Earraí le hathdhíol | 26,400 | |
| Stáiseanóireacht | 1,400 | |
| CBL | | 10,600 |
| Táillí Stiúrthóirí | 17,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/06 | 10,400 | |
| Aischur isteach | 4,600 | |
| Árachas | 19,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,800 |
| Fógraíocht | 7,300 | |
| Banc | 6,800 | |
| Coimisiún ar dhíolacháin | 3,000 | |
| | 1,225,200 | 1,225,200 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoic ar 31/12/2006:
Earraí le hathdhíol €45,800
Stáiseanoireacht €600

(ii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:
Trealamh oifige - 10% dá luach de réir na leabhar
Foirgnimh - 3% den chostas

(iii) Baineann an t-árachas leis an mbliain dar críoch 31/3/2007.

(iv) Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú do 5% de na féichiúnaithe.

(v) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar bhintiúir.

(vi) Fógraíocht dlite ar 31/12/2006: €1,800.

(vii) Déan soláthar do cháin chorparáide €12,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2006. (80)

**(b)** Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2006. (40)

**(120 marc)**

**2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair T. Uí Leathlaobhair le linn Mhárta 2007.

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 1/3/2007 Dr | 86,000 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 1/3/2007 Sr | 300 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2007 Sr | 44,000 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2007 Dr | 600 |
| Díolacháin Iomlána (díolacháin ar airgead tirim €30,000 san áireamh) | 390,000 |
| Aischur isteach | 1,400 |
| Lascaine lamháilte | 1,600 |
| Lascaine Faighte | 2,200 |
| Aischur amach | 1,300 |
| Ceannacháin iomlána (ceannacháin ar airgead tirim €18,000 san áireamh) | 230,000 |
| Billí Infhaighte eisithe | 12,900 |
| Billí Iníoctha glactha | 9,500 |
| Seiceanna faighte ó chustaiméirí | 310,000 |
| Airgead íoctha le soláthraithe | 194,000 |
| Ús gearrtha ag soláthraí ar chuntas dlite thar téarma | 60 |
| Drochfhiacha díscríofa | 2,700 |
| Seiceanna faighte obtha | 1,800 |
| Aistriú ó Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe go Mórleabhar na gCreidiúnaithe | 2,300 |
| Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ar 31/3/2007 | 140 Sr |
| Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 31/3/2007 | 290 Dr |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do Mhárta 2007:**

**(i)** Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe. (30)

**(ii)** Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe. (30)

**(60 marc)**

**3. Ceartú Earráidí agus Cuntais Fhionraí**

Níor réitigh comhardú trialach M. Mhic Giolla Bhríde agus iontráladh na difríochtaí i gcuntas fionraí. Tar éis scrúdú a bheith déanta ar na leabhair nochtadh na hearráidí seo a leanas:

1. Earraí a díoladh ar cairde le Pádraig Mac Gabhann €800, breacadh i gcuntas Phádraigín Nic Gabhann iad.
2. Iomlán Leabhar na gCeannachán €12,000, breacadh i gCuntas na gCeannachán mar €21,000 é.
3. Caitheadh le hús faighte €240 mar ús íoctha.
4. Chuir féichiúnaí ar ais earraí a díoladh cheana ar €180. Ní raibh an t-aischur sin breactha sna leabhair.
5. Níor iontráladh sna leabhair earraí €300 a thóg Mac Giolla Bhríde lena n-úsáid go príobháideach.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Na ceartuithe is gá a bhreacadh sa leabhar cúnta. (35)

**(b)** Ráiteas ar Ghlanbhrabús Ceartaithe a ullmhú más é €15,000 an glanbhrabús atá ann de réir na gcuntas. (25)

**(60 marc)**

**4.** **Cuntais Chlub**

San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais (fiachais) chlub peile Naomh Pádraig ar 1/1/2006 bhí siad seo a leanas:
Clubtheach agus páirceanna imeartha €620,000, Trealamh €28,000, Stoc Beáir €2,900, Síntiúis dlite de na Baill €300, Taiscí Cumann Foirgníochta €8,000, Speansais dlite €1,100.

Is achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtí an chlub don bhliain dar críoch 31/12/2006 é seo a leanas.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2006**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh – 1/1/06 | 5,900 | Ceannacháin Bheáir | 16,200 |
| Síntiúis | 22,400 | Speansais Ghinearálta | 8,600 |
| Díolacháin Bheáir | 28,340 | Ceannach trealaimh | 3,400 |
| Ús faighte | 860 | Creidiúnaithe Beáir | 2,300 |
| Táillí iontrála comórtais | 1,600 | Duaiseanna comórtais | 1,900 |
| Urraíocht Bhliantúil | 1,200 | Iarmhéid Airgid – 31/12/06 | 27,900 |
| | 60,300 | | 60,300 |

Thug an cisteoir an t-eolas seo a leanas freisin mar a bhí ar 31/12/2006.

(i) Stoc Beáir €1,800.
(ii) Creidiúnaithe Beáir €300.
(iii) Síntiúis réamhíoctha €1,500.
(iv) Speansais dlite €2,600.
(v) Déan an Clubtheach agus na páirceanna imeartha a dhímheas de 2% den chostas.
(vi) Tá dímheas de 10% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2006.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn Ciste Carntha an Chlub ar 1/1/2006. (15)

**(b)** Cuntas Trádála Beáir a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2006. (9)

**(c)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an chlub a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2006. (30)

**(d)** Mínigh go hachomair an iontráil 'Urraíocht' sa chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí thuas. (6)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5.** **Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Dhrisceoil Tta don bhliain dar críoch 31/12/2006.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2006**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin Chreidmheasa | | 670,000 |
| Lúide: Costas Díolachán | | |
| Stoc 1/1/2006 | 30,000 | |
| Ceannacháin | ? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2006 | 42,000 | 530,000 |
| Ollbhrabús | | 140,000 |
| Lúide: Speansais Iomlána (ús san áireamh) | | 75,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | 65,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2006 | | 29,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2006 | | 94,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2006**

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 790,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (Féichiúnaithe €38,000 san áireamh) | 120,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 86,000 | 34,000 |
| | | 824,000 |
| **Maoinithe ag** | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite níos mó ná bliain amháin | | |
| Bintiúir 5% (2010/2011) | | 150,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna | | 580,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 94,000 |
| | | 824,000 |

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a ríomh:**
- (i) An figiúr do Cheannacháin.
- (ii) An céatadán marcála suas ar chostas.
- (iii) An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
- (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)

**(b)** **Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Bintiúir 5% (2010/2011).
- (ii) Gnáthdhíbhinn.
- (iii) Caipiteal in úsáid.
- (iv) Dímheas. (40)

**(c)** An mbeadh sé deacair ar an ngnólacht thuas a chuid billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite? Tabhair cúis amháin le do fhreagra. (10)

**(d)** Más é 11% an toradh ar Chaipiteal in Úsáid in 2005, tabhair cuntas ar bhrabúsacht reatha an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**



THALL→

**6.** **Cuntas Feirme**

Baineadh an t-iarmhéid trialach as leabhair T. Mhic Curtáin, feirmeoir, ar 31/12/2006.

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh agus foirgnimh (costas €600,000) | 520,000 | |
| Innealra feirme (costas €120,000) | 105,000 | |
| Stoic 1/1/2006 | | |
| Beostoc | 96,000 | |
| Síolta gráin | 200 | |
| Leasachán | 1,600 | |
| Ábhair bheathúcháin | 3,600 | |
| Ceannacháin | | |
| Beostoc | 44,000 | |
| Síolta gráin | 6,800 | |
| Leasachán | 7,250 | |
| Ábhair bheathúcháin | 16,900 | |
| Díol eallaigh | | 235,000 |
| Fáltais ón uachtarlann ar bhainne | | 126,300 |
| Díol gráin | | 82,400 |
| Leictreachas | 12,920 | |
| Táillí tréidliachta agus cógas | 1,900 | |
| Iasacht 10% ón mBanc (1/1/2006) | | 90,000 |
| Tarraingtí argid | 8,000 | |
| Ús iasachta | 4,500 | |
| Pá feirme | 56,400 | |
| Banc | | 106,370 |
| Caipiteal | | 245,000 |
| | 885,070 | 885,070 |

**Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin ar 31/12/2006.**

1. Stoic deiridh

| | |
|---|---|
| Beostoc | €74,000 |
| Leasachán | €900 |
| Ábhair bheathúcháin | €2,600 |

2. Luach an bhainne a d'úsáid an teaghlach €1,250.
3. Ba chóir pá feirme agus leasachán a chionroinnt leath do 'Eallach agus Bainne' agus leath do 'Grán'.
4. Déan soláthar d'ús Iasachta dlite.
5. Tá dímheas le déanamh mar seo a leanas: Foirgnimh 3% den chostas agus Innealra 20% den chostas

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Cuntais mhiondealaithe fiontair do 'Eallach agus Bainne' agus 'Grán' don bhliain dar críoch 31/12/2006. (40)

**(b)** Cuntas ginearálta brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2006. (25)

**(c)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2006. (35)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Dhroighneáin Tta.

**Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2006.**

| | € |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 190,000 |
| Ús Íoctha | (9,000) |
| | 181,000 |
| Cáin | (44,000) |
| | 137,000 |
| Díbhinn molta | (22,000) |
| Brabús coinnithe don bhliain | 115,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2006 | 82,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2006 | 197,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | | **31/12/2006** | | **31/12/2005** |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh & Foirgnimh | 930,000 | | 850,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | 85,000 | 845,000 | 65,000 | 785,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 54,000 | | 49,000 | |
| Féichiúnaithe | 48,000 | | 36,000 | |
| Airgead | 72,000 | | 64,000 | |
| | 174,000 | | 149,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | | | |
| Creidiúnaithe | 36,000 | | 29,000 | |
| Cáin | 44,000 | | 38,000 | |
| Díbhinn molta | 22,000 | | 15,000 | |
| | (102,000) | | (82,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 72,000 | | 67,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 917,000 | | 852,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | | | | |
| 6% Bintiúir | | 120,000 | | 180,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 600,000 | | 590,000 |
| Cuntas Brabúis & Caillteanais | | 197,000 | | 82,000 |
| | | 917,000 | | 852,000 |

**Iarrtar ort:**

**(a)** An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú do Ó Droighneáin Tta don bhliain dar críoch 31/12/2006 faoi na ceannteidil seo a leanas: (65)

1. Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú

**(c)** An glansreabhadh airgid a réiteach leis an athrú ar na glanfhiacha. (5)

**(100 marc)**



THALL→

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8.** **Costáil Ionsú**

Baineann an t-eolas seo a leanas le Ó Riain Tta, cuideachta bheag ghiurnálaíochta, don bhliain seo chugainn. Tá dhá roinn táirgeachta ag an ngnólacht, Roinn A agus Roinn B, agus roinn seirbhíse amháin, Roinn C.

| | **Roinn Táirgeachta A** | **Roinn Táirgeachta B** | **Roinn Seirbhíse C** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Forchostais cionroinnte in aghaidh na roinne | 16,000 | 8,000 | 12,000 |
| Costais na Roinne Seirbhíse C le roinnt | 75% | 25% | |
| Uaireanta meaisín | 800 uair | ----- | |
| Uaireanta saothair | ------ | 500 uair | |

Is mar seo a leanas atá sonraí jab custaiméara uimh. 506:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €4,200 |
| Saothar díreach | €1,500 |
| Uaireanta i Roinn A | 12 uair |
| Uaireanta i Roinn B | 4 uair |

**Iarrtar ort:**

**(a)** Costais na Roinne Seirbhíse C a chionroinnt/roinnt idir Roinn A agus Roinn B.

**(b)** An ráta ionsú forchostais a ríomh do Roinn A agus tú ag baint úsáide as uaireanta Meaisín.

**(c)** An ráta ionsú forchostais a ríomh do Roinn B agus tú ag baint úsáide as uaireanta Saothair.

**(d)** Costas jab uimh. 506 a ríomh.

**(e)** Praghas díolta jab uimh. 506 a ríomh más ionann an mharcáil suas agus 25% den chostas.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Is iad seo na sócmhainní, na dliteanais agus an caipiteal a bhí ag G. Ó Maolmhuaidh ar 1/1/07.

**Sócmhainní**

| | € |
|---|---|
| Sócmhainní seasta | 560,000 |
| Stoc | 28,400 |
| Féichiúnaithe | 36,000 |
| Airgead tirim | 10,200 |
| | 634,600 |

**Dliteanais**

| | |
|---|---|
| Creidiúnaithe | 44,600 |
| Caipiteal | 590,000 |
| | 634,600 |

Is iad seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo sna 5 mhí seo chugainn:

| | Ean. | Feabh. | Már. | Aib. | Beal. | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €78,000 | €84,000 | €96,000 | €80,000 | €82,000 | €420,000 |
| **Ceannacháin** | €54,000 | €73,000 | €84,000 | €75,400 | €73,000 | €359,400 |

Tá na díolacháin go léir ar cairde agus íoctar astu aon mhí amháin tar éis díola.
Tá na ceannacháin go léir ar cairde (ach amháin €12,000 sa Bhealtaine) agus íoctar astu aon mhí amháin ina dhiaidh.
Tá an t-áitreabh ar cíos ag Ó Maolmhuaidh ar €18,000 sa bhliain iníoctha go míosúil.
Trealamh le ceannach in Aibreán ar €6,000.
€5,800 le híoc in aghaidh na míosa ar phá.
Meastar go mbeidh €31,400 ar an stoc deireadh ar 31/5/07.
Meastar go mbeidh brabús glan €27,100 ann sna cúig mhí.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Buiséad airgid a léiríonn fáltais agus íocaíochtaí míosúla measta Uí Mhaolmhuaidh sna cúig mhí, Eanáir go Bealtaine.

**(b)** Clár Comhardaithe buiséadaithe mar a bheadh ar 31/5/2007.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán